MOO CREW

SCÉIM BAINNE SCOILE AN AE

Bileog Ghníomhaíochta na Sóisear

Eolach ar an Margadh

Samhlaigh go bhfuil tú ag déanamh siopadóireachta le do theaghlach. Úsáid an tábla anseo thíos chun cabhrú leat an rogha is inbhuanaithe a dhéanamh (an bia is fearr don chomhshaol). ***Ná déan dearmad, is fearr i gcónaí bia ó Éirinn agus bia áitiúil a cheannach (chomh gar agus is féidir do do bhaile nó do chontae féin)!***

Sa tábla thíos feicfidh tú cuid de na tíortha as a seoltar bia go hÉirinn agus an líon mílte a bhíonn le taisteal ag an mbia sula mbaineann sé Éire amach.

Ag teacht ó	Fad an aistir go hÉirinn
An Afraic Theas	5,840 míle (9,397 ciliméadar)
An Spáinn	902 míle (1,451 ciliméadar)
An Cósta Eabhair	3,214 míle (5,172 ciliméadar)
An Ríocht Aontaithe	288 míle (463 ciliméadar)
Cósta Ríce	5,167 míle (8,314 ciliméadar)
Éire	------- ----- -- -- -- --- ----------

is meastacháin shlánaithe iad na figiúirí ar fad bunaithe ar an eolas atá le fáil ar foodmiles.com



1. Tá dhá chineál abhacáid ar díol sa mhargadh. '**An Afraic Theas**' atá ar lipéad amháin. '**An Spáinn**' atá ar an lipéad eile. Cé acu ceann a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis?

   Is é an t-abhacád ón _____
   a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis.



2. Tá dhá chineál cáise céadair ar díol sa mhargadh. '**Somerset, Sasana**' atá ar lipéad amháin. '**Corcaigh, Éire**' atá ar an lipéad eile. Cé acu ceann a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis?

   Is í an cháis chéadair ó _____
   a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint léi.





Le tacaíocht airgeadais ón Aontas Eorpach

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
Department of Agriculture, Food and the Marine

moocrew.ie

3. Tá anainn ar shladmhargadh! '**Cósta Ríce**' atá ar lipéad amháin. '**An Cósta Eabhair**' atá ar an lipéad eile. Cé acu ceann a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis?



Is é an t-anann ó _____
a bhfuil an bia-aistear is giorra ag baint leis.

4. Comhair! Cé mhéad míle ar an iomlán a thaistil an t-abhacád, an cháis agus an t-anann? *Leid* níl mílte ar bith i gceist le hearraí ó Éirinn:

Líon iomlán mílte don abhacád + ☐

Líon iomlán mílte don cháis + ☐

Líon iomlán mílte don anann + ☐

Mo líon iomlán mílte = ☐

5. Cén rud ar féidir leat súil a choinneáil amach dó a inseoidh duit go bhfuil do bhainne saothraithe i bPoblacht na hÉireann?

_____



6. Cé is moite de bhia-aistear, céard iad an dá rud eile is féidir linn a chur san áireamh agus bia á cheannach againn:

   a. _____

   b. _____

An dteastaíonn uait dul níos faide?

1. Féach foodmiles.com in éineacht le duine fásta/caomhnóir chun eolas a fháil ar bhia-aistear cuid de na rudaí atá i do chuisneoir!
2. Téigh chuig www.bordbia.ie/whats-in-season/best-in-season/calendar/september chun féilire a íoslódáil de bhia atá i séasúr. Croch an féilire sin sa bhaile le go mbeidh tú níos eolaí agus tú sa mhargadh!